RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/506 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Márta 2021

maidir le meatáintiól a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear d'údarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus don fhoras agus do na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear d'athmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) I gcomhréir le Treoir 70/524/CEE údaraíodh meatáintiól gan teorainn ama, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh an breiseán sin i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas chun athmheastóireacht a dhéanamh ar mheatáintiól mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.

(4) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus san fheidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe". Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(5) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ina thuairimí an 17 Aibreán 2013 ([3]) agus an 30 Meán Fómhair 2020 ([4]), faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, nach bhfuil tionchar díobhálach ag meatáintiól ar shláinte ainmhithe, ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol. Chinn sé freisin gur cheart an breiseán a mheas mar ghreannaitheoir don chraiceann agus do na súile agus mar ghreannaitheoir don chonair riospráide agus nach bhféadfaí teacht ar aon chonclúid maidir leis an íogrú craicinn a dhéanann an breiseán. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe maidir le húsáideoirí an bhreiseáin. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh. Rinne sé an tuarascáil maidir leis na modhanna anailíse ar na breiseáin bheathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a fhíorú freisin.

(6) Léirítear leis an measúnú ar mheatáintiól go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid meatáintiól a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(7) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le srianta agus coinníollacha chun rialú níos fearr a cheadú. Ó tharla ar chúiseanna sábháilteachta nach bhfuil gá le huaschion a shocrú agus an athmheastóireacht a rinne an tÚdarás á tabhairt san áireamh, ba cheart cion molta a léiriú ar lipéad an bhreiseáin. I gcás ina sárófar an cion sin, ba cheart eolas áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.

(8) Cé nach n-údaraítear úsáid na substainte sin in uisce óil, ní chuirtear bac ar a húsáid i mbeatha cumaisc a thugtar trí uisce.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).
([3]) EFSA Journal (Iris EPSA], 2013;11(5):3208.
([4]) EFSA Journal (Iris EPSA] 2020;18(11):6288.

(9) Ó tharla nach bhfuil gá ar chúiseanna sábháilteachta modhnuithe ar na coinníollacha údaraithe maidir le meatáintiól a chur i bhfeidhm láithreach, is iomchuí idirthréimhse a sholáthar do na páirtithe leasmhara chun gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus leis an bhfeidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe", údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta Idirthréimhseacha

1. An breiseán a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán seo iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 13 Deireadh Fomhair 2021, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 13 Aibreán 2021, féadfar leanúint ar aghaidh á chur ar an margadh agus a úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 13 Aibreán 2022, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 13 Aibreán 2021, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus a n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 13 Aibreán 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 13 Aibreán 2021, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíseach	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chéadfacha Feidhmghrúpa: comhdhúile blaistithe								
2b12003	Meataintiól	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Meataintiól *Tréithriú na substainte gníomhaí* Meataintiól Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: íoschion 98 % Foirmle cheimiceach: CH_4S Uimhir CAS: 74-93-1 Uimh. FLAVIS 12.003 *Modh anailíseach* (1) Chun meataintiól sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar an stóráil agus an chobhsaíocht i dtaobh cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion molta na substainte gníomhaí san ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 0,05 mg/kg." 4. I gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí mar seo a leanas san ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %, sonrófar ar lipéad na réamh-mheascán na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis: 0,05 mg/kg	13.4.2031

							5. I gcás úsáideoirí na mbreiseán agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, teagmháil dheirmeach nó teagmháil súl. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, do na súile agus don chraiceann.	

(1) Tá sonraí faoi na modhanna anailíseacha ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports